2025/1339

11.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1339 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Bealtaine 2025

lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun Rialachán (AE) 2023/2859 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le tascanna áirithe na gcomhlachtaí bailiúcháin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/2859 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena mbunaítear pointe rochtana aonair Eorpach lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil don phobal agus atá ábhartha do sheirbhísí airgeadais, do mhargaí caipitil agus don inbhuanaitheacht ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(11), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé tábhachtach a áirithiú go gcuirfidh comhlachtaí bailiúcháin faisnéis ar fáil maidir leis an bPointe Rochtana Aonair Eorpach (ESAP) ar bhealach comhchuibhithe, agus leas á bhaint, a mhéid is féidir, as na nósanna imeachta agus na bonneagair bhailiúcháin atá ann cheana agus atá i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

(2) Ós rud é gurb é is aidhm don bhailíochtú uathoibrithe teicniúil a cheanglaítear le hAirteagal 5(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2023/2859 cáilíocht aonfhoirmeach faisnéise in ESAP a áirithiú, ba cheart do na comhlachtaí bailiúcháin an bailíochtú uathoibrithe teicniúil sin a dhéanamh ar bhealach comhsheasmhach, ag féachaint d'Airteagal 5(10), pointe (a), de Rialachán (AE) 2023/2859. Go sonrach, tá sé tábhachtach go bhfaighidh eintitis a chuireann faisnéis isteach aon fhógra diúltaithe ar bhonn tráthúil. Ba cheart, dá bhrí sin, an uastréimhse inar cheart do chomhlachtaí bailiúcháin a ndícheall a dhéanamh fógra a thabhairt do na heintitis faoin diúltú faisnéise a leagan amach. In imthosca eisceachtúla, lena n-áirítear mórthionóiscí agus mórearráidí, ionsaithe d'aon ghnó agus teagmhais nádúrtha, ba cheart do chomhlachtaí bailiúcháin a bheith i dteideal fógra a thabhairt do na heintitis i ndiaidh na huastréimhse sin.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 5(9) de Rialachán (AE) 2023/2859, féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt do na comhlachtaí bailiúcháin ríomhshéala cáilithe a cheangal chun leibhéil iomchuí bharántúlachta, sláine agus neamhshéanta na faisnéise arna cur faoi bhráid ESAP a áirithiú. Chun idir-inoibritheacht trasteorann na ríomhshéalaí cáilithe a ghabhann leis an bhfaisnéis arna cur faoi bhráid ESAP a éascú, ba cheart do na séalaí sin a éilíonn comhlacht bailiúcháin na sonraíochtaí a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1506 ón gCoimisiún ([2]) a chomhlíonadh. Chun a áirithiú go mbeidh an ríomhshéala cáilithe fós bailí thar thréimhse fhada, ba cheart é a bheith ar leibhéal comhréireachta Fadtéarmach (LT) nó níos airde. Chun fíordheimhniú na faisnéise a chuirtear faoi bhráid ESAP a neartú a thuilleadh, ba cheart an cód aitheantóra eintitis dhlítheanaigh lena sainaithnítear an t-eintiteas a úsáideann an séala sin a bheith sa deimhniú digiteach a ghabhann leis an séala sin, i gcás ina mbeidh fáil air, i gcás ina gcomhlíonfaidh an t-aitheantóir sin ISO 17442. D'fhéadfadh an fhaisnéis sin a bheith ar fáil i dTiachóga Eorpacha Céannachta Digití mar a fhoráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

([1]) IO L, 2023/2859, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2859/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1506 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos sonraíochtaí i ndáil le formáidí ríomhshínithe ardleibhéil agus ríomhshéalaí ardleibhéil atá le haithint ag comhlachtaí san earnáil phoiblí de bhun Airteagal 27(5) agus Airteagal 37(5) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach (IO L 235, 9.9.2015, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2015/1506/oj).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj).

(4) Is é is aidhm do Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) úsáid ceadúnas poiblí caighdeánach atá ar fáil ar líne chun faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid a chur chun cinn. Sna Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le ceadúnais chaighdeánacha mholta, tacair sonraí agus muirear ar athúsáid doiciméad ([5]), sainaithnítear ceadúnais Creative Commons ('CC'), agus go háirithe an leagan is déanaí (4.0) mar shampla de cheadúnais phoiblí chaighdeánacha mholta. Déanann eagraíocht neamhbhrabúsach ceadúnais CC a fhorbairt agus tháinig siad chun bheith ina bpríomhréiteach ceadúnúcháin le haghaidh faisnéis ón earnáil phoiblí, torthaí taighde agus ábhar ón réimse cultúrtha ar fud an domhain. Dá bhrí sin, chun úsáid agus athúsáid na faisnéise atá ar fáil a éascú, is iomchuí tagairt a dhéanamh do thiomantas CC don fhearann poiblí (CC0) maidir leis an bhfaisnéis uile a chuireann comhlacht bailiúcháin ar fáil do ESAP, ach amháin i gcás ina bhfuil cóipcheart agus cearta gaolmhara eile ag gabháil leis. Dá réir sin, maidir leis an gcineál faisnéise a chumhdaítear le cóipchearta nó le cearta gaolmhara eile, ba cheart Ceadúnas CC BY-NC-ND a chur i bhfeidhm, chun úsáid tráchtála na faisnéise sin a shrianadh. Féadfaidh comhlachtaí bailiúcháin ceadúnas atá coibhéiseach le foireann CC a úsáid.

(5) Chun go gcuirfear an fhaisnéis arna bailiú ag comhlachtaí bailiúchán ar fáil do ESAP trí chomhéadan feidhmchláir (API), ba cheart gnéithe áirithe a ghabhann leis an API a shonrú. Áirítear ar na heilimintí sin an modh malartaithe sonraí trínar cheart faisnéis a sholáthar do ESAP, na formáidí sonraí a dtacaítear leo, an cineál prótacal ar a bhfuil API ag brath, an rialú rochtana a chuirtear i bhfeidhm chun cur ar chumas ESAP sonraí a bhailiú ó na comhlachtaí bailiúcháin ainmnithe agus úinéireacht an nuashonraithe nó an phróisis modhnaithe an API. Ar an gcúis sin, ba cheart aon athrú ar an API a chur in iúl in am trátha, agus ba cheart amchlár soiléir le haghaidh cur chun feidhme a chur leis sin.

(6) I gcás aon phróiseáil ar shonraí pearsanta i gcomhthéacs faisnéis a bhailiú chun í a dhéanamh inrochtana ar ESAP, ba cheart do ESMA, ina cháil mar rialaitheoir sonraí ESAP, agus do na comhlachtaí bailiúcháin, a áirithiú go gcomhlíontar Rialachán (AE) 2016/679 ([6]) agus (AE) 2018/1725 ([7]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(7) Sonraítear i dTreoir (AE) 2023/2864 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) agus i Rialachán (AE) 2023/2869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) na heilimintí meiteashonraí ba cheart d'eintitis a chur ar fáil do chomhlachtaí bailiúcháin agus faisnéis á cur isteach acu. Ba cheart do gach comhlacht bailiúcháin meiteashonraí den sórt sin a chur ar fáil do ESAP, ionas go mbeidh na meiteashonraí ábhartha ar fáil d'fheidhm chuardaigh ESAP. Chun feidhmiú ESAP a áirithiú, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar chomhlachtaí bailiúcháin meiteashonraí breise, ar meiteashonraí iad atá de chineál teicniúil, a sholáthar do ESAP. Chun cóineasú a áirithiú agus cur chun feidhme a éascú, ba cheart saintréithe na meiteashonraí uile a sholáthraítear do ESAP a shonrú.

([4]) Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1024/oj).

([5]) Fógra ón gCoimisiún — Treoirlínte maidir le ceadúnais chaighdeánacha mholta, tacair sonraí agus muirear ar athúsáid doiciméad (IO C 240, 24.7.2014, lch. 1).

([6]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([7]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([8]) Treoir (AE) 2023/2864 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena leasaítear Treoracha áirithe a mhéid a bhaineann le bunú agus feidhmiú an phointe rochtana aonair Eorpaigh (IO L, 2023/2864, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2869/oj).

([9]) Treoir (AE) 2023/2864 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena leasaítear Treoracha áirithe a mhéid a bhaineann le bunú agus feidhmiú an phointe rochtana aonair Eorpaigh (IO L, 2023/2864, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2864/oj) agus Rialachán (AE) 2023/2869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena leasaítear Rialacháin áirithe a mhéid a bhaineann le bunú agus feidhmiú an phointe rochtana aonair Eorpaigh (IO L, 2023/2869, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2869/oj).

(8) Is foinse dhomhanda ar líne é bunachar sonraí na Fondúireachta Domhanda um Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh le haghaidh sonraí tagartha eintiteas dlíthiúil atá oscailte, caighdeánaithe agus ar ardchaighdeán arna gcoinneáil ar bun ag an Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh. Chun a áirithiú gur féidir le ESAP feidhm chuardaigh a sholáthar ar bhonn na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 7(3) de Rialachán (AE) 2023/2859 gan ualach breise a chur ar eintitis, ba cheart don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) agus do chomhlachtaí bailiúcháin a bheith in ann, a mhéid is féidir, meiteashonraí áirithe a dhíorthú ó Bhunachar Sonraí an Aitheantóra Eintitis Dhlítheanaigh ar bhonn an aitheantóra eintitis dhlítheanaigh dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1338 ([10]) ón gCoimisiún a chuirtear ar fáil dóibh. Chuirfeadh sé sin teorainn le hualach an tuairiscithe, ós rud é go gcuirfeadh eintitis meiteashonraí ar fáil don Innéacs Domhanda LEI agus nach ndéanfadh siad iad a nuashonrú ach amháin i gcás inarb ábhartha, seachas na meiteashonraí sin a sholáthar in éineacht le gach aighneacht chuig comhlachtaí bailiúcháin. Áirítear ar na meiteashonraí sin ainmneacha an eintitis a chuir an fhaisnéis isteach, ainmneacha an duine dhlítheanaigh lena mbaineann an fhaisnéis, agus tír oifig chláraithe an duine dhlítheanaigh lena mbaineann an fhaisnéis.

(9) Le hAirteagal 5(6) de Rialachán (AE) 2023/2859 ceanglaítear ar eintitis cuimsiú sonraí pearsanta san fhaisnéis a chuireann siad faoi bhráid comhlacht bailiúcháin a shainaithint agus a léiriú. Maidir leis an léiriú go bhfuil sonraí pearsanta san fhaisnéis, tá an léiriú sin le soláthar do ESAP trí bhíthin meiteashonraí a ghabhann leis an bhfaisnéis a cuireadh isteach; Ba cheart do ESMA a áirithiú nach ndéanfar an fhaisnéis sin a choinneáil ná a dhéanamh inrochtana ar ESAP ar feadh níos mó ná 5 bliana, mura sonraítear a mhalairt i ndlí ábhartha an Aontais.

(10) Chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis luachmhar d'úsáideoirí, ba cheart di a bheith ar fáil ar ESAP a luaithe is féidir. Dá bhrí sin, ba cheart an teorainn ama atá ag comhlachtaí bailiúcháin chun an fhaisnéis a chur ar fáil do ESAP a bheith chomh gearr agus is féidir agus ba cheart dóibh a ndícheall a dhéanamh teorainn a chur leis an moill idir an fhaisnéis a bheith ar fáil don phobal agus í a bheith inrochtana ar ESAP. Chun na críche sin, ba cheart i gcónaí gurb é an pointe tagartha do thús na teorann ama an tráth a chuireann eintiteas faisnéis faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin chun rochtain a sholáthar ar an bhfaisnéis sin ar ESAP agus ar éirigh le cur isteach na faisnéise sa bhailíochtú uathoibrithe teicniúil. Níor cheart an teorainn ama sin a spreagadh ach amháin nuair is é is cuspóir do chur isteach na faisnéise an fhaisnéis sin a chur ar fáil ar ESAP. Dá bhrí sin, i gcás ina gcuirfear faisnéis faoi bhráid an údaráis inniúil chun críoch eile, lena n-áirítear an fhaisnéis sin a fhormheas nó i gcás nach féidir doiciméad a chur ar fáil don phobal roimh phointe sonraithe ama amach anseo, níor cheart a mheas gur cuireadh an fhaisnéis sin faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin chun rochtain a sholáthar uirthi ar ESAP. Ba cheart na teorainneacha ama a bheith gan dochar d'oibleagáidí eile a bhféadfadh feidhm a bheith acu maidir le comhlachtaí bailiúcháin a eascraíonn as gníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an oibleagáid bailíochtú breise sonraí a dhéanamh nó an oibleagáid faisnéis a chur ar fáil do ESMA laistigh de theorainneacha ama eile seachas iad siúd a shonraítear sa Rialachán seo. In imthosca eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, lena n-áirítear mórthionóiscí, earráidí, ionsaithe d'aon ghnó agus teagmhais nádúrtha, ba cheart do chomhlachtaí bailiúcháin a bheith i dteideal an fhaisnéis a sholáthar i ndiaidh na dteorainneacha ama sonraithe, ar choinníoll go gcuirtear ESMA ar an eolas go cuí. Ós rud é nach féidir an próiseas sin a dhéanamh go hiomlán uathoibríoch, níor cheart a cheangal ar chomhlachtaí bailiúcháin ESMA a chur ar an eolas faoi imthosca den sórt sin lasmuigh dá n-uaireanta oibre.

(11) I bhfianaise na roghanna teicneolaíochta atá ann faoi láthair agus na bhformáidí a úsáidtear chun an fhaisnéis faoi raon feidhme ESAP a ullmhú, ba cheart do na comhlachtaí bailiúcháin glacadh le faisnéis i bhformáid HTML, PDF agus txt mar shonraí is féidir a asbhaint fad is féidir an téacs atá iontu a asbhaint. Ba cheart do na comhlachtaí bailiúcháin glacadh le faisnéis i bhformáidí XBRL, XBRL-xml, XBRL-csv agus XML agus Inline XBRL mar fhaisnéis mheaisín-inléite toisc gur féidir le feidhmchláir bogearraí sonraí ar leith atá iontu a shainaithint, a aithint agus a asbhaint go héasca. Ba cheart na formáidí sin a áireamh i liosta táscach na bhformáidí inghlactha toisc gurb iad sin na formáidí is gá faoi láthair le haghaidh creataí nochta faoi raon feidhme ESAP. Níl an liosta sin sriantach, áfach, agus dá bhrí sin ba cheart glacadh le formáidí breise ónar féidir sonraí a asbhaint agus formáidí atá meaisín inléite le haghaidh faisnéis a thagann faoi raon feidhme ESAP. Ós rud é go gcomhlíonann formáidí meaisín-inléite na ceanglais maidir le hasbhaint sonraí freisin, ba cheart glacadh le gach formáid mheaisín-inléite mar fhormáidí ónar féidir sonraí a asbhaint.

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1338 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2025 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun Rialachán (AE) 2023/2859 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le feidhmiúlachtaí an phointe rochtana aonair Eorpaigh (IO L, 2025/1338, 11.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1338/oj).

(12) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a chuir ESMA, an tÚdarás Baincéireachta Eorpach agus an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde faoi bhráid an Choimisiúin.

(13) Reáchtáil ESMA, an tÚdarás Maoirseachta Eorpach agus an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne siad anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo, agus d'iarr siad comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]), ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Árachais agus Athárachais a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]), agus ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]).

(14) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé barúlacha foirmiúla an 29 Aibreán 2025.

(15) Ag féachaint d'Airteagal 23a de Threoir 2004/109/CE, d'Airteagal 11a de Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]) agus d'Airteagal 21a de Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]), ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 10 Iúil 2026 ar a dhéanaí.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Bailíochtú uathoibrithe teicniúil

1. I gcás ina gceanglaítear formáid shonrach mheaisín-inléite le haon cheann de na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2023/2859, fíoróidh comhlachtaí bailiúcháin go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear faoina mbráid de bhun an ghnímh sin i gcomhréir leis an bhformáid mheaisín-inléite a shonraítear sna gníomhartha sin.

2. I gcás nach gceanglaítear aon fhormáid shonrach mheaisín-inléite le haon cheann de na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2023/2859, fíoróidh comhlachtaí bailiúcháin an méid seo a leanas maidir leis an bhfaisnéis a chuirtear faoina mbráid:

(a) go dtíolactar í i gceann de na formáidí dá dtagraítear in Airteagal 7(1) nó i bhformáid eile ónar féidir sonraí a asbhaint a cheanglaítear le haon ghníomh reachtach ceangailteach de chuid an Aontais;

(b) go bhfuil téacs inti ar féidir le meaisín é a bhaint aisti.

3. Fíoróidh na comhlachtaí bailiúcháin an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil na sonraí a chuirtear isteach iomlán agus i gcomhréir leis an tsonraíocht meiteashonraí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

([11]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj).

([12]) Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1094/oj).

([13]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

([14]) Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 maidir le díol folamh agus gnéithe áirithe de bhabhtáil mainneachtana creidmheasa (IO L 86, 24.3.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/236/oj).

([15]) Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE (IO L 168, 30.6.2017, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1129/oj).

(b) go bhfuil na meiteashonraí comhsheasmhach le haon mheiteashonraí eile a sholáthraíonn an t-eintiteas céanna ar bhealach eile;

(c) i gcás ina soláthraíonn an t-eintiteas a bhfuil aighneacht á cur isteach aige iad, go gcomhlíonann na meiteashonraí lena léirítear aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an eintitis a bhfuil aighneacht á cur isteach aige na sonraíochtaí a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1338 tráth a chuirtear an fhaisnéis sin faoi bhráid ESAP; agus

(d) i gcás ina soláthraíonn an t-eintiteas a bhfuil aighneacht á cur isteach aige iad, go gcomhlíonann na meiteashonraí lena léirítear aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an eintitis lena mbaineann an fhaisnéis na sonraíochtaí a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1388 ón gCoimisiún an dáta nó an tréimhse lena mbaineann an fhaisnéis.

4. I gcás ina gceanglaítear ríomhshéala cáilithe i gcomhréir le hAirteagal 5(9) de Rialachán (AE) 2023/2859, déanfaidh comhlachtaí bailiúcháin an méid seo a leanas:

(a) an bailíochtú a leagtar amach in Airteagal 32(1) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a dhéanamh; agus

(b) a fhíorú go gcomhlíonann an ríomhshéala cáilithe a ghabhann leis an bhfaisnéis a cuireadh faoina mbráid Airteagal 2 den Rialachán seo.

5. Diúltóidh comhlachtaí bailiúcháin d'fhaisnéis nach gcomhlíonann aon cheann de na ceanglais a leagtar amach i míreanna 1 go 4.

6. Déanfaidh na comhlachtaí bailiúcháin a ndícheall faisnéis mhionsonraithe maidir le torthaí an bhailíochtaithe uathoibrithe dá dtagraítear i míreanna 1 go 4 a sholáthar do na heintitis a bhfuil aighneacht á cur isteach acu laistigh de 60 nóiméad tar éis dóibh an fhaisnéis a fháil.

7. In imthosca eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, lena n-áirítear mórthionóiscí agus mórearráidí, ionsaithe d'aon ghnó agus teagmhais nádúrtha, féadfaidh comhlachtaí bailiúcháin torthaí an bhailíochtaithe uathoibrithe a sholáthar i ndiaidh na teorann ama a leagtar amach i mír 6. Sa chás sin, déanfaidh na comhlachtaí bailiúcháin a ndícheall torthaí an bhailíochtaithe uathoibrithe a sholáthar do na heintitis a bhfuil aighneacht á cur isteach acu laistigh de 60 nóiméad tar éis an imthoisc eisceachtúil ábhartha a réiteach.

Airteagal 2

Saintréithe an ríomhshéala cháilithe

1. I gcás ina mbeidh ríomhshéala cáilithe de dhíth ar Bhallstát, comhlíonfaidh an séala sin a ghabhann leis an bhfaisnéis an liosta sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1506 agus beidh sé ar leibhéal comhréireachta LT nó níos airde.

2. I gcás ina sainaithnítear an t-eintiteas a bhfuil aighneacht á cur isteach aige le haitheantóir eintitis dhlítheanaigh atá i gcomhréir le ISO 17442, beidh an ríomhshéala cáilithe bunaithe ar an deimhniú cáilithe ina sainaithnítear an t-eintiteas a bhfuil aighneacht á cur isteach aige leis an aitheantóir eintitis dhlítheanaigh sin.

Airteagal 3

Ceadúnas caighdeánach oscailte

Maidir le húsáid agus athúsáid na faisnéise a chuirfidh na comhlachtaí bailiúcháin ar fáil do ESAP, beidh siad faoi réir choinníollacha thiomantas Creative Commons don fhearann poiblí (CC0) nó aon cheadúnais oscailte choibhéisigh lena gceadaítear úsáid agus athúsáid neamhshrianta sonraí. Ní dochar an méid sin d'fhaisnéis a chumhdaítear le cóipcheart agus le cearta gaolmhara eile, ar faisnéis í a mbeidh a húsáid agus a hathúsáid faoi rialú ag coinníollacha Cheadúnas Creative Commons BY-NC-ND nó ag coinníollacha aon cheadúnais oscailte choibhéisigh.

Airteagal 4

Saintréithe an API le haghaidh bailiú sonraí

Leis an gcomhéadan feidhmchláir (API) chun sonraí ESAP a bhailiú ó chomhlachtaí bailiúcháin, déanfar an méid seo a leanas:

(a) cead a thabhairt do chomhlachtaí bailiúcháin an fhaisnéis, na meiteashonraí a ghabhann leis an bhfaisnéis sin agus, i gcás inar gá, an ríomhshéala cáilithe a chur ar fáil do ESAP agus aiseolas a fháil maidir leis na sonraí a mhalartaítear;

(b) tacú leis na formáidí don fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 7;

(c) tacú leis na formáidí do na meiteashonraí a shonraítear in Airteagal 5;

(d) brath ar phrótacail idirlín shlána, lena n-áirítear SFTP nó HTTPS chun sonraí a mhalartú trí chomhaid a aistriú;

(e) cead a thabhairt don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) nósanna imeachta rialaithe rochtana a chur chun feidhme; agus

(f) aon athrú nó nuashonrú arna n-iarraidh ag ESMA a ionchorprú chun comhlíonadh phointí (a) go (e) a áirithiú.

Airteagal 5

Saintréithe meiteashonraí

1. Agus faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2023/2859 á soláthar ag comhlachtaí bailiúcháin do ESAP, cuirfidh siad na meiteashonraí ábhartha a ghabhann léi ar fáil do ESAP i gcomhréir leis an tábla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Soláthróidh comhlachtaí bailiúcháin na meiteashonraí i bhformáid choiteann i gcomhréir le modheolaíocht ISO 20022. I gcás ina n-ullmhófar an fhaisnéis i bhformáid mheaisín-inléite de bhun aon cheann de ghníomhartha reachtacha an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2023/2859, áiritheoidh na comhlachtaí bailiúchcáin go gcuirfear na meiteashonraí a ghabhann leis an bhfaisnéis sin ar fáil i gcomhréir le modheolaíocht ISO 20022 nó san fhormáid chéanna leis an bhfaisnéis.

Airteagal 6

Teorainneacha ama le haghaidh comhlachtaí bailiúcháin

1. Gan dochar d'oibleagáidí dlíthiúla eile a eascraíonn as gníomhartha reachtacha de chuid an Aontais, déanfaidh comhlachtaí bailiúcháin an fhaisnéis, na meiteashonraí a ghabhann leis an bhfaisnéis sin agus, i gcás inar gá, an ríomhshéala cáilithe a sholáthar do ESAP a luaithe is féidir, agus tráth nach déanaí ná 60 nóiméad tar éis an fhaisnéis a chur faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin chun rochtain a sholáthar uirthi ar ESAP agus tar éis do chur isteach na faisnéise pas a fháil sa bhailíochtú uathoibrithe teicniúil dá dtagraítear in Airteagal 1.

2. In imthosca eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, lena n-áirítear mórthionóiscí agus mórearráidí, ionsaithe d'aon ghnó agus teagmhais nádúrtha, féadfaidh comhlachtaí bailiúcháin an fhaisnéis ábhartha a sholáthar i ndiaidh na dteorannacha ama a leagtar amach i mír 1. Sa chás sin, cuirfidh na comhlachtaí bailiúcháin ESMA ar an eolas a luaithe is féidir le linn a n-uaireanta oibre agus déanfaidh siad a ndícheall an fhaisnéis a sholáthar laistigh de 60 nóiméad tar éis an imthoisc eisceachtúil ábhartha a réiteach.

Airteagal 7

Liosta táscach agus saintréithe formáidí sonraí inghlactha

1. Measfar gur formáidí ónar féidir sonraí a asbhaint iad formáidí HTML, PDF agus txt, i gcás ina gceadaítear leis na formáidí sin téacs a asbhaint le meaisín agus i gcás ina bhfuil siad inléite ag an duine.

2. Measfar gur formáidí meaisín-inléite iad formáidí XML, XBRL, XBRL-csv, XBRL-xml agus inline XBRL, i gcás ina bhfuil na formáidí sin struchtúrtha ionas gur féidir le feidhmchláir bogearraí sonraí sonracha, lena n-áirítear ráitis aonair fíoras, agus a struchtúr inmheánach atá iontu, a shainaithint, a aithint agus a asbhaint go héasca.

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 10 Iúil 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Tábla

Meiteashonraí

Uimhir	Réimse	Formáid
1.	Ainm nó ainmneacha an eintitis a rinne an fhaisnéis a thíolacadh	Réimse saorthéacs suas le 500 carachtar alfa-uimhriúla.
2.	Ainm nó ainmneacha an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh lena mbaineann an fhaisnéis	Réimse saorthéacs suas le 500 carachtar alfa-uimhriúla.
3.	Aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an eintitis a thíolaic an fhaisnéis	ISO 17442 Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), cód ina bhfuil 20 carachtar alfa-uimhriúla
4.	Aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an duine dhlítheanaigh lena mbaineann an fhaisnéis	ISO 17442 Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), cód ina bhfuil 20 carachtar alfa-uimhriúla
5.	Cineál na faisnéise arna tíolacadh ag an eintiteas	Tacsanamaíocht i gcomhréir leis an liosta coiteann cineálacha faisnéise mar a leagtar amach i dTábla 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1338
6.	Méid an eintitis de réir catagóire a rinne an fhaisnéis a thíolacadh	Tacsanamaíocht i gcomhréir leis an liosta coiteann catagóirí eintitis de réir méide mar a leagtar amach i dTábla 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1338
7.	Méid an duine dhlítheanaigh lena mbaineann an fhaisnéis	Tacsanamaíocht i gcomhréir leis an liosta coiteann catagóirí eintitis de réir méide mar a leagtar amach i dTábla 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1338
8.	Tír oifig chláraithe an duine dhlítheanaigh lena mbaineann an fhaisnéis	ISO 3166 - cód tíre 2 charactar
9.	Earnáil tionscail nó earnálacha tionscail ghníomhaíochtaí eacnamaíocha an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh lena mbaineann an fhaisnéis	Tacsanamaíocht i gcomhréir leis an liosta coiteann earnálacha tionscail mar a leagtar amach i dTábla 3 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1338
10.	Bratach sonraí pearsanta	‘fíor’ – tá sonraí pearsanta san fhaisnéis a thíolactar ‘bréagach’ – níl sonraí pearsanta san fhaisnéis a thíolactar
11.	Cineál deonach nó éigeantach na faisnéise a thíolactar	‘fíor’ – deonach ‘bréagach’ – éigeantach
12.	Dáta agus am a chuir an t-eintiteas na sonraí faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin	ISO 8601 dáta san Am Uilíoch Lárnach (AUL) san fhormáid ama YYYY-MM-DDThh:mm:ssZ
13.	Dáta nó tús na tréimhse lena mbaineann an fhaisnéis	ISO 8601 dáta san Am Uilíoch Lárnach (AUL) san fhormáid YYYY-MM-DD
14.	Dáta nó deireadh na tréimhse lena mbaineann an fhaisnéis	ISO 8601 dáta san Am Uilíoch Lárnach (AUL) san fhormáid YYYY-MM-DD

Uimhir	Réimse	Formáid
15.	Comhlacht bailiúcháin atá freagrach as an bhfaisnéis a bhailiú	Ainm na comhlachta bailiúcháin atá ainmnithe do bhailiúchán na sonraí mar a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin ESMA de bhun Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2023/2859
16.	Ballstát Baile, i gcás inarb infheidhme	ISO 3166 - cód tíre 2 charactar
17.	Ballstát Óstach, i gcás inarb infheidhme	ISO 3166 - cód tíre 2 charactar
18.	Aitheantóir ionstraime nó táirge, i gcás inarb infheidhme	ISIN nó suas le 52 charachtar alfa-uimhriúla
19.	Aitheantóir uathúil taifid sonraí	Saorthéacs suas le 140 carachtar alfa-uimhriúla
20.	Tagairt chomhad na sonraí	Saorthéacs suas le 500 carachtar alfa-uimhriúla
21.	Tagairt chomhad an ríomhshéala cháilithe, i gcás inarb infheidhme	Saorthéacs suas le 500 carachtar alfa-uimhriúla
22.	An cineál aighneachta	NEWT = Nua (le húsáid i gcás faisnéis nua) MODI = Modhnaigh (le húsáid i gcás modhnuithe i bhfianaise faisnéis nua atá ar fáil) EROR = Earráid (le húsáid i gcás earráidí a mbainfear an taifead iomlán mar thoradh orthu) CORR = Ceartúchán (le húsáid i gcás ina bhfuil faisnéis a tuairiscíodh cheana mícheart agus inar ceart í a cheartú)
23.	Leagan den tacar sonraí (sonraí agus meiteashonraí)	Slánuimhir
24.	Creat dlíthiúil	Tacsanamaíocht i gcomhréir le liosta de ghníomhartha reachtacha an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2023/2859
25.	Bratach faisnéise stairiúla	‘fíor’ – Tá ‘bréagach’ – Níl
26.	Teanga inar tíolacadh an fhaisnéis	ISO 639-1 - cód teanga 2 charactar